



# Coimisiún na Scrúduithe Stáit State Examinations Commission

SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA

**OIDEACHAS REILIGIÚNACH - ARDLEIBHÉAL**

## **PÁIPÉAR SAMPLACH**

Iomlán na Marcanna: 320

**Dhá Uair go leith an chloig**

*Treoracha Ginearálta d'Iarrthóirí*

NÍ MÓR D'IARRTHÓIRÍ TABHAIRT FAOI:

- **CEIST AMHÁIN AS AONAD A haON**
- **DHÁ CHEIST AS AONAD A DÓ**
- **CEIST AMHÁIN AS AONAD A TRÍ**

BA CHÓIR DUIT TUAIRIM IS 30 NÓIMÉAD A CHAITHEAMH AG FREAGAIRT CEISTEANNA SAN AONAD SEO.

NÍ MÓR DUIT TABHAIRT FAOI CHEANN AMHÁIN DEN DÁ CHEIST SEO A LEANAS.

(Tá 80 marc ar gach ceist)

## ROINN A

## AN CUARDACH DO BHRÍ AGUS LUACHANNA

## Ceist 1.



Samhlaigh gur féidir leat labhairt le Plato faoi cheisteanna móra na beatha mar a léirítear iad i saol an lae inniu.

a. Cad iad na ceisteanna dar leat a ndíreodh sé orthu?

(40 marc)

b. Cad is dóigh leat a déarfadh sé leat faoi na ceisteanna sin?

(40 marc)

## Ceist 2.

● An Chríostaíocht

● An Giúdachas

● An tIoslamachas

a. Déan cur síos gearr ar Dhia mar choincheap i **gceann** amháin de na reiligiúin dhomhanda.

(40 marc)

b. Mínigh conas mar atá impleachtaí ag an gcoincheap sin do na luachanna morálta trína maireann daoine sa traidisiún reiligiúnach sin.

(40 marc)

*DIA*

## AONAD A DÓ

(160 marc)

BA CHÓIR DUIT TUAIRIM IS 60 NÓIMÉAD A CHAITHEAMH AG FREAGAIRT CEISTEANNA SAN AONAD SEO.

NÍ MÓR DUIT TABHAIRT FAOI **DHÁ CHEANN** DE NA TRÍ ROINN SEO A LEANAS.

(Tá 80 marc ar gach ceist)

### ROINN B AN CHRÍOSTAÍOCHT – A BUNÚS AGUS A CUR IN IÚL COMHAIMSEARHTHA

Déan cur síos ar conas a thuigtear agus a léirítear Íosa sa chultúr comhaimseartha. Déan measúnú ar a mhéid atá an íomhá seo dílis do bheatha stairiúil Íosa.

(80 marc)

### ROINN C REILIGIÚIN DHOMHANDA

*Ach uaireanta nuair a thagann an ghrian  
trí bhearna  
Aithníonn na fir seo Dia  
i gcrann.*

– Patrick Kavanagh (*aistrithe ón mBéarla*)

Léiríonn an sliocht seo mothú na naofachta i ngnáthrudáí an tsaoil. Pléigh an gaol atá idir “naofacht” agus “saoltacht” i gceann **amháin** de na traidisiúin reiligiúnacha seo a leanas:

- An Búdachas
- An Chríostaíocht
- An Giúdachas
- An Hiondúchas
- An tIoslamachas

(80 marc)

### ROINN D TEACHT AR CHINNEADH MORÁLTA

“Is grá é Dia agus an té a mhaireann sa ghrá maireann in aontas le Dia agus maireann Dia in aontas leis.”

(1 Eoin 4:16 aistrithe ón Good News Bible)

“Is grá é Dia, agus iad siúd a mhaireann sa ghrá maireann siad i nDia agus maireann Dia iontu.”

(1 Eoin 4:16 aistrithe ón New Revised Standard Version)

“Is grá é Dia agus an té a mhaireann sa ghrá maireann i nDia agus maireann Dia ann.”

(1 Eoin 4:16 *An Bíobla Naofa*)

Rianaigh tuiscint Íosa ar dhlí an ghrá agus léirigh an tionchar a d’imir sé ar an tuiscint ar an bpeaca agus ar an athmhuintearas i sainaicme Chríostaí **amháin**.

(80 marc)

## AONAD A TRÍ

(80 marc)

### BA CHÓIR DUIT TUAIRIM IS 30 NÓIMÉAD A CHAITHEAMH AG FREAGAIRT CEISTEANNA SAN AONAD SEO.

NÍ MÓR DUIT TABHAIRT FAOI CHEANN AMHÁIN DE NA CEITHRE ROINN SEO A LEANAS.

(Tá 80 marc ar gach ceist)

#### ROINN E REILIGIÚN AGUS INSCNE

*Má dhéantar téacsanna naofa a scrúdú, léirítear i bprionsabal go dtugann reiligiúin teachtaireacht bhunúsach an chomhionannais.*

Scrúdaigh cruinneas an ráitis seo agus déan tagairt don ról atá ag fir agus mná i gceann amháin de na reiligiúin dhomhanda seo a leanas:

- An Búdachas
- An Chríostaíocht
- An Giúdachas
- An Hiondúchas
- An tIoslamachas

(80 marc)

#### ROINN F CEISTEANNA CEARTAIS AGUS SÍOCHÁNA

a Déan comparáid idir an tuiscint atá ar cheartas agus síocháin i **ndá cheann** de na reiligiúin dhomhanda seo a leanas:

(40 marc)

- An Búdachas
- An Chríostaíocht
- An Giúdachas
- An Hiondúchas
- An tIoslamachas

b Rianaigh conas is féidir leis an tuiscint ar cheartas agus síocháin i gceann amháin de na reiligiúin dhomhanda seo thuas tionchar a imirt ar an bhfreagra a thugann duine –

i. Ar dhail fhoréigin

*nó*

ii. Ar cheist chomhshaoil

(40 marc)

#### ROINN H AN BÍOBLA: LITRÍOCHT AGUS TÉACS NAOFA

Léirigh conas mar a chuir léirmheas eagarthóireartha lenár dtuiscint ar na soiscéalta sionoptacha.

(80 marc)

## ROINN J REILIGIÚN AGUS AN EOLAÍOCHT



*Fourth Estate Ltd*

Tuairiscíonn láithreán gréasáin NASA gur lig spásairí Apollo 15 do chasúr agus cleite titim i ngarfholús na gealaí in 1971. Thit an dá rud go dromchla na gealaí, gan aon chur isteach ó fhriotaíocht aeir, agus thuirling siad ar an móimint cheanann chéanna, rud a chruthaigh go raibh an ceart ag Galileo, 328 bliain i ndiaidh a bháis.

Déan measúnú ar an tábhacht a bhaineann le **ceann ar bith** d'fhionnachtana Galileo don ghaol atá idir an eolaíocht agus reiligiúin.

(80 marc)

# Leathanach Bán

# Leathanach Bán

# Leathanach Bán